Docusign Envelope ID: 7989A053-8FBA-4082-9141-551896F4E1CB

# Teilifís na Gaeilge

## Cruinniú an 22 Meán Fómhair 2025

Baile na hAbhann.

**Miontuairiscí**

**Tinreamh**

Bhí an Cathaoirleach, Muireann Ní Chíobháin agus Sonia Nic Giolla Easbuig ar Zoom agus na comhaltaí eile i láthair.

1. **Fáilte**
   Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh na comhaltaí agus ghabh a leithscéal nach dtiocfadh léi a bheith i láthair i bpearsa mar gheall ar chúrsaí sláinte.

2. **Deimhniú maidir le Leas Pearsanta**
   Dheimhnigh na comhaltaí nach raibh aon choimhlint leasa le tabhairt ar aird acu seachas an méid a tugadh le fios don Rúnaí roimh an chruinniú.

3. **Miontuairiscí**
   Glacadh le miontuairiscí mhí Iúil.

4. **Gnó ag éirí as na Miontuairiscí**
   Níor éirigh aon ghnó eile as na miontuairiscí nach raibh ar an chlár.

5. **Tuairisc an Ard-Stiúrthóra**

**5.1 An Rialtas, An Roinn & Coimisiún na Meán**

5.1.2 *An Rialtas:* Meabhraíodh go bhfuil an EMFA (An Gníomh Eorpach um Shaoirse na Meán) i bhfeidhm ón 8 Lúnasa. Dúirt an tArd-Stiúrthóir gur scríobh Noel Curran, Ard-Stiúrthóir an EBU, litir thacaíochta maidir le maoiniú ilbhliantúil do TG4 agus gur seoladh cóip chuig an Aire, ag Cathaoirleach Comhchoiste na Meán agus chuig Ard-Rúnaí agus Rúnaí Cúnta na Roinne.

Docusign Envelope ID: 7989A053-8FBA-4082-9141-551896F4E1CB

Dúradh go raibh cruinniú ag an Ard-Stiúrthóir le príomhoifigigh na Roinne chun tosaíochtaí TG4 do 2026 a chur in iúl dóibh.

5.1.2 *Stocaireacht*: Luaigh an tArd-Stiúrthóir go raibh cruinnithe ag TG4 le hionadaithe ó na príomhpháirtithe uile i mí Iúil i nDáil Éireann, agus gur cuireadh tosaíochtaí TG4 do 2026 i láthair na n-ionadaithe. Dúradh gur ardaíodh ceist faoi mhaoiniú TG4 agus ceist faoin Nuacht ag Comhchoiste na Meán an lá céanna.

Seoladh an cháipéis stocaireachta chuig na Teachtaí Dála agus Seanadóirí a casadh orthu arís ag tús mhí Lúnasa.

5.1.3 *Tuarascáil Choimisiún um Thodhchaí na Meán*: Dúradh go raibh cruinniú sa Roinn an 22 Iúil le hionadaithe ó earnáil na meán agus le Coimisinéir Forbartha na Meán. Pléadh an Bille Craolacháin agus na moltaí a rinneadh i dTuarascáil Choimisiún na Meán atá á gcur i bhfeidhm de réir a chéile.

*5.1.4* *Coimisiún na Meán*: Tugadh le fios go raibh cruinniú ag TG4 le Coimisiún na Meán an 10 Meán Fómhair chun an tAthbhreithniú cúig bliana agus an ARPFF a phlé. Tugadh tuairisc ó bhéal ar na moltaí atá déanta ag Coimisiún na Meán ag éirí astu sin.
Dúradh ag an gcruinniú go mbeadh tús á chur leis an bpróiséas nua measúnaithe ar fheidhmíocht TG4 in 2026 agus leis an múnla oibre a bheidh ann do mhaoiniú trí bliana 2028 – 2030.

Pléadh freisin an mhoill maidir le socrú do Nuacht TG4 mar aon leis na roghanna atá ann chun seo a bhrú chun cinn.

5.1.5 *Nuacht TG4 & Moladh 7.1*: Dúradh go raibh cruinniú ag TG4 le RTÉ an 8 Meán Fómhair. Chuir TG4 a ndíomá in iúl faoin easpa dul chun cinn atá déanta. Dúirt RTÉ go gcuirfidís moltaí le chéile roimh an 15 Deireadh Fómhair.

5.1.6 *Cruinnithe an Ard-Stiúrthóra*: Dúirt an tArd-Stiúrthóir go raibh roinnt plé déanta le grúpa Audiovisual Ireland IBEC agus go bhfuil maoiniú ilbhliantúil do TG4 mar chuid dá n-aighneacht réamhbhuiséid acu.

Docusign Envelope ID: 7989A053-8FBA-4082-9141-551896F4E1CB

Dúradh gur thug Príomhfheidhmeannach Údarás na Gaeltachta cuairt ar TG4 an 11 Meán Fómhair chun comhoibriú ar shuíomh 'Athshlánú Thubaiste' a phlé, rud a chabhródh sa chás go gclisfeadh an leathanbhanda, mar a tharla le linn Stoirm Éowyn.

Deimhníodh go raibh maoiniú ceadaithe ag Bord Údarás na Gaeltachta d'fhorbairt oiliúna do na Meáin Ghaeilge, i bpáirt le TG4.

Luaigh an tArd-Stiúrthóir go raibh cruinniú aici le Príomhfheidhmeannach Chiste Craoltóireachta Gaeilge Scáileán Thuaisceart Éireann chun deiseanna a phlé.

Dúradh gur thug toscaireacht ó Rialtas na Polainne agus Ambasadóir na Polainne chun na hÉireann cuairt ag TG4 i mí Mheán Fómhair. Dúradh gur thug Ceannaire Rialtas na Breataine Bige cuairt ar TG4 freisin le linn an tsamhraidh.

**5.2 Coimisiúnú, Forbairt, Margaíocht, Comhpháirtíocht**

5.2.1 *Babhtaí Coimisiúnaithe Oscailte*: Dúradh go raibh conarthaí nach mór críochnaithe do Bhabhta Oscailte 2025 agus go mbeadh liosta na dtograí á fhoilsiú ar shuíomh TG4 gan mhoill.

5.2.2 *Fís & Fuaim*: Dúirt an tArd-Stiúrthóir gur éirigh le 7 dtogra de chuid TG4 i mbabhta 56 den scéim Fís & Fuaim, arb ionann sin is 34% de mhaoiniú na dtograí teilifíse. Dúradh go raibh géariomaíocht ann don chiste.

*5.2.3 Taighde Lucht Féachana:* Mheabhraigh an tArd-Stiúrthóir go raibh taighde ar riachtanais an lucht féachana idir lámha ag an gcomhlacht Bricolage, agus go mbeadh tuairisc ar fáil um Nollaig.

Tugadh le fios go raibh cruinniú le TAM Ireland agus le Fios Físe chun athbhreithniú ar na painéil agus an mhodheolaíocht atá acu a phlé, agus go raibh comparáid á déanamh leis an mhúnla atá ag S4C.

5.2.3 *Ócáidí TG4*: Luadh ócáidí éagsúla a bhí ar bun le linn an tsamhraidh: Cluichí Ceannais Pheil na mBan beo ó Pháirc an Chrócaigh an 3 Lúnasa agus craoladh beo ó Loch Garman ag an bhFleadh Cheoil ón 8 Lúnasa. Seoladh Sceideal an Fhómhair ag ócáid i mBaile Átha Cliath an 18 Lúnasa.

Docusign Envelope ID: 7989A053-8FBA-4082-9141-551896F4E1CB

Chraol TG4 Electric Picnic ag deireadh mhí Lúnasa agus bhí Gradam Ceoil TG4 i láthair in Osaka na Seapáine mar chuid de EXPO25. Craolfar clár ó Expo25 i mí na Nollag.

Dúradh go mbeadh TG4 ag Oireachtas na Samhna i mBéal Feirste.

**5.3 Acmhainní Daonna, An Teicneolaíocht, Conarthaí, Cúrsaí Dlí agus Cúrsaí foirne**

*5.3.1 Folúntais*: Dúradh go raibh post an Bhainisteora TF fógartha, tar éis don té a bhí ag plé le cúrsaí TF éirí as le déanaí. Dúradh go raibh na folúntais do Bhainisteoir Margaíochta agus do Léiritheoir Margaíochta líonta.
Luadh go bhfuil sé beartaithe Stiúrthóir Ábhair agus Stiúrthóir Seirbhísí Corparáideacha agus Gnóthaí Poiblí a cheapadh.

5.3.2 *SIPTU:* Luadh go bhfuil cruinniú socraithe le SIPTU go luath.

5.4 **Miontuairiscí**

Roinneadh miontuairiscí na gcruinnithe Ardbhainistíochta leis an mBord.

5.5 **Plé**

Chuir an Bord a mhíshástacht in iúl maidir leis an mhoilleadóireacht ar shocrú a aimsiú do Nuacht TG4. Dúradh gur masla agus cur amú acmhainní a bhí sa mhoilleadóireacht seo. Dúirt Comhalta amháin go mbeadh sé "tubaisteach" dul chun cinn le seirbhís nuachta nua dhigiteach gan sin a bheith ceangailte le feasacháin teilifíse faoi eagarthóireacht neamhspleách TG4. Dúradh go raibh sé aontaithe ag an bhord ag cruinniú mhí Mheithimh go rachfaí chun cinn leis an tseirbhís Dhigiteach mar chéad chéim. Moladh go n-iarrfaí cruinniú idir an tArd-Stiúrthóir agus an Cathaoirleach agus Príomh-Stiúrthóir agus Cathaoirleach RTÉ. Dúradh go seolfaí litir chucu roimh an chruinniú, ag leagan amach na ndúshlán leis an dul chun cinn, le cóip chuig an Aire, chuig an Ard-Rúnaí agus chuig Coimisiún na Meán.

D'iarr comhaltaí Boird roinnt eolais ar ábhar a pléadh ag na Cruinnithe Ardbhainistíochta.

Docusign Envelope ID: 7989A053-8FBA-4082-9141-551896F4E1CB

**6. Gnó an Chathaoirligh**

6.1 *Imeachtaí:* Thréaslaigh an Cathaoirleach leis an mBord na hócáidí a raibh TG4 páirteach iontu le linn an tsamhraidh, An Fhleadh Cheoil, Cluichí Ceannais Pheil na mBan agus Seoladh Sceideal an Fhómhair.

6.2 *Aighneacht Réamhbhuiséid:* Dúirt an Cathaoirleach go raibh litir seolta aici chuig an Taoiseach agus chuig an Aire Jack Chambers ag éileamh maoiniú ilbhliantúil, dóthanach agus intuartha do TG4.

6.3 *Comhchruinniú Boird*: Mhol an Cathaoirleach go mbeadh deis ag Bord TG4 casadh le Bord an ILBF agus le Bord Fhoras na Gaeilge le linn an Oireachtais i mBéal Feirste. Glacadh leis an mholadh.

**7. Cuntais mhí Lúnasa 2025**

Rinne an Stiúrthóir Airgeadais cur síos ar chuntais TG4 do mhí Lúnasa. Míníodh go raibh obair déanta ar an sreabhadh airgeadais as seo go deireadh na bliana. Dúradh go raibh roinnt sábháiltí ar an líne Costais Foirne agus go gcuirfí aon sábháil i dtreo bhuiséad na gclár.

Glacadh leis na cuntais.

**8. Tuairisc Lucht Féachana**

Rinne an Bainisteoir ar Léargais Lucht Féachana cur síos ar chúrsaí Lucht Féachana do mhí Iúil agus Lúnasa**.**

Tugadh tuairisc don Bhord maidir le Lucht Féachana chláir faisnéise TG4 le bliain anuas. Tugadh na cláir ba mhó lucht féachana dar le TAM, le Fios Físe agus ar Sheinnteoir TG4 le fios.

**9. Léargas: Treochtaí Féachana**

Rinne an comhlacht 3Reasons cur i láthair don Bhord maidir leis an taighde a rinne siad do TAM Ireland níos luaithe sa mbliain: *Trends that will shape TV & Video landscape in the next decade*.

**10. Léirmheas ar an Sceideal agus ar na Cláir**

Roinn na Comhaltaí a gcuid tuairimí ar ábhar TG4 le cúpla mí, ag díriú ar ábhar faisnéise. Moladh caighdeán agus réimse ábhair na gclár. Moladh go háirithe an t-ábhar beo a craoladh, macasamhail na Fleidhe agus Electric Picnic, agus dúradh go raibh aiseolas an-dearfach faighte ón lucht féachana ina leith.

Docusign Envelope ID: 7989A053-8FBA-4082-9141-551896F4E1CB

Dúradh go raibh sraitheanna áirithe an-chosúil lena chéile ó thaobh téamaí agus aíonna agus moladh dúbláil a sheachaint. Ceistíodh an méid Béarla a bhí i gcuid den ábhar faisnéise, agus moladh gur cheart raon níos leithne rannpháirtithe a aimsiú a bhfuil Gaeilge acu.

Cheistigh an Bord an líon athchraoltaí sa Sceideal le linn an tsamhraidh. Moladh féachaint arís ar rogha na gclár idir 6pm agus 9pm san oíche.

**11.Gnó na gComhaltaí Boird**

Pléadh cáipéis taighde a chur comhalta boird i láthair an chruinnithe maidir le lucht féachana. [redacted]

**12.Tuairisc ó Fhochoistí Boird**

**Cruinniú na Comhairle Lucht Féachana.**

Thug Cathaoirleach na Comhairle Lucht Féachana achoimre ar na pointí a ardaíodh ag Cruinniú na Comhairle i mí Iúil. Ba é seo an chéad chruinniú den Chomhairle Lucht Féachana nua. Bhí moltaí ag an gComhairle maidir le ábhar na gclár, UX agus úsáid an tSeinnteora, agus ábhar TG4 ar na hardáin shóisialta.

**13.Riarachán Boird**

Cuireadh dréachtsceideal de Dhátaí Boird do 2026 ar fáil.
Cuireadh roghanna do chláir oiliúna don Bhord ar fáil. Iarradh ar chomhaltaí an bhoird athbhreithniú a dhéanamh ar shonraí na gcúrsaí a seoladh chucu agus a réimsí spéise a chur in iúl.
Deimhníodh nach raibh folúntais an Bhoird fógartha fós, agus go raibh súil go bhfógrófaí iad roimh dheireadh na míosa.

**14 Conradh 200k – 500k**

Nótáladh conarthaí idir 200k agus 500k.

**15 Aon Ghnó Eile**

Ní raibh aon ghnó eile.

**16 Ceadú Conarthaí**

D’fhág na Comhaltaí Boird Siobhán Ní Ghadhra, Mairéad Ní Nuadháin, Sonia Nic Giolla Easbuig agus Darach Ó Tuairisg an cruinniú don mhír seo. Ní raibh Muireann Ní Chíobháin i láthair don mhír seo.

Docusign Envelope ID: 7989A053-8FBA-4082-9141-551896F4E1CB

Ceadaíodh aguisín ar chonradh Spóirt le athbhrandáil ar ghrafaicí Spóirt.

**Críoch**

DocuSigned by:

***Síniú*** Anna Ní Ghallachair

1915C3940044407...

***Dáta*** 16-Feb-26 | 4:41 PM GMT